

## Ceacht Tógála le Ranganna 3 go dtí 6 'Iompar' Gemma Mc Girr

<b><u>Snáth Curaclaim:</u></b>	Tógáil (Curaclam Amharcealaíona, lgh. 56, 74)
<b><u>Cuspóir:</u></b>	<i>Fiosraigh agus déan trialacha le hairíonna agus saintréithe na n-ábhar agus struchtúir á ndéanamh (lgh. 56,74) Déan struchtúir shamhlaíocha (lgh. 56, 74)</i>
<b><u>Nasc:</u></b>	Líníocht > An saol samhlaíoch á léiriú ag an dalta agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid airgtheach a bhaint as patrún agus sonra (Lch. 48) <i>Téamaí samhlaíocha a líniú ag úsáid patrún agus sonra airgtheach (lch. 66)</i>
<b><u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u></b>	
	<i>Eolaíocht: Breathnaigh conas is féidir nithe a bhogadh (lch. 65) Conas nithe agus ábhair a aithint agus a fhiosrú (lch.87) Teanga labhartha: Smaointe a bhaineann leis an ábhar a chur in iúl i seicheamh loighciúil (lch. 38) Féidearthachtaí teanga agus struchtúr abairte a fhiosrú chun smaointe casta a chur in iúl (lch. 50) Stair: Staidéar ar ghnéthe d'fhorbairtí sóisialta, ealaíonta, teicneolaíocha agus eolaíocha thar tréimhsí fada (lgh. 50, 71) Míreanna/samplaí d'athrú agus de leanúnachas a aithint sa 'líne forbartha' (lgh. 50, 71)</i>

### **An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:**

Ní mór duit an smaoineamh/spreagadh don cheacht seo a phlé le do rang timpeall seachtain roimh ré chun am a thabhairt dóibh na hábhair dhramhaíle atá riachtanach a bhailiú. Féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh freisin faoi obair i mbeirteanna nó b'fhéidir gur mhaith le roinnt leanaí obair ar a gconlán féin. Beidh cárta, PVA, téip chumhdaigh, seilitéip, siosúir, péinteanna agus scuabanna sa seomra ranga cheana féin agat, ach abair leis na leanaí a gcuid ábhar dramhaíle féin a sholáthar. Beidh siad an-seiftiúil iad féin sna nithe a bheidh siad in ann a bhailiú nuair a thuigeann siad gur ar a ndearthaí féin atá siad ag obair!

**Ábhair Riachtanacha:** Ábhair dhramhaíle a fhaightear sa bhaile:  
Boscaí/soithigh de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla  
Cartáin, buidéal phlaisteacha, bréagáin bhriste, rotha srl  
Téada, seansreang, cnóite, boltaí srl  
Siosúir  
PVA  
Téip chumhdaigh/seilitéip  
Péinteanna póstaer  
Scuabanna

**Spreagadh:** Bíodh babhta tobsmaointe agat leis an rang faoi na cineálacha iompair go léir atá ar fáil dúinn anois. Smaoinígí ar thaisteal talún, farraige agus aeir. Déan liosta díobh seo go léir ar an gclár dubh/smeach-chairt. Is féidir le liosta ó scátaí rollála go roicéidí spáis a bheith agaibh!  
"Is féidir linn taisteal níos tapúla ná riamh anois agus dul ar fud na cruinne gan stró. Píoc cineál iompair talún, farraige nó aeir a thaitníonn leat agus déan leagan nua de a dhearadh. Smaoinigh ar do dhearadh agus ar na comhábhair a bheith uait chun é a dhéanamh mar is tusa tú féin a gheobhaidh na hábhair seo sa bhaile! Déan líníocht de do mhodh nua iompair ag meabhrú gur tú féin a bheidh á thógáil agus ar na hábhair a bheith ag teastáil uait. Má tá sibh ag obair i ngrúpaí, aontaigh dearadh ginearálta agus is féidir sonraí níos lú a athrú agus sibh ag dul ar aghaidh leis an obair."

**Gníomhaíocht:** Tógann na leanaí a modh iompair. D'fhéadfadh a smaointe athrú agus iad ag obair, eascróidh deacrachtaí lena linn agus gheobhaidh siad bealaí lena réiteach. Spreag iad chun a bhfuil á dhéanamh acu a phlé agus le dul i gcomhairle le chéile. Is féidir na samhlacha a phéinteáil de réir mar is mian leis na leanaí nuair a bhíonn siad críochnaithe acu. Cuir saothar na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó in áit oiriúnach eile sa scoil.

**Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:** Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun caint faoina ndéantús, faoi aon deacrachtaí a bhí acu agus conas ar sháraigh siad iad. Tabhair am dóibh chun a saothar a thaispeáint sa rang agus a chéile a cheistiú faoina bhfuil déanta acu.

**Gníomhaíochtaí Breise:** D'fhéadfadh na leanaí líníochtaí aonair a dhéanamh de mhodh shamhlaíoch iompair agus sonraí airgtheacha a chur leo.

**Féidearthachtaí TCF:** Tóg grianghraif de shaothar na leanaí agus scanáil isteach sa ríomhaire iad. Féadfaidh siad tuairisc a scríobh faoina bhfuil déanta acu, agus an próiseas a mhíniú ó thús go deireadh.

**Ag baint úsáide as an DVD Is Ealaíontóir mé:** Tugann na cláir *Tógáil* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh tógálacha le cárta agus ábhair eile.

**Nóta:** Lig do na leanaí a gcuid tógálacha féin a dhearadh agus a dhéanamh. Má iarrtar orthu treoracha do rud éigin atá deartha ag duine fásta a leanúint beidh frustachas ann dóibh sin agus duit féin. Beidh smaointe an-seiftiúla acu agus baileoidh siad a lán fuíollábhair iad féin.

**Ealaíontóirí Ábhartha:**

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Tabhair cuairt ar larsmalann lompair Londain  
<http://www.ltmuseum.co.uk/collections/collections/vehicles.shtml>

Tabhair cuairt ar larsmalann lompair Coventry  
<http://www.transport-museum.com/collection.aspx>

Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín NASA agus foghlaim faoi na tointeálaithe spáis  
[http://www.nasa.gov/mission\\_pages/shuttle/vehicle/index.html](http://www.nasa.gov/mission_pages/shuttle/vehicle/index.html)

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga  
<http://www.scoilnet.ie>